

# ☼ An Lúibín ☼

4 Meán Fhómhair 2023

## Gan teanga a fhoghlaim

*YouTube is full of advice as to how to best learn another language. One YouTube linguist took another tack – seven reasons why you shouldn't (unless you really want to).*

Níl teorainn lena bhfuil d'fhíseáin ar YouTube ag iarraidh cuidiú leat teangacha a fhoghlaim. Molann siad seifteanna, molann iad duit gan do mhisneach a chailleadh. Fógraíonn siad gur fiú an tairbhe an trioblóid. Ar na teangeolaithe spreagúla sin tá Fingtam, fear a bhfuil eolas a cheirde aige agus a dhintúir déanta aige sna cúrsaí seo. Bhainfi siar asat, mar sin, dá dtiocfá trasna ar fhíseán dá chuid dar teideal '7 reasons to NOT learn a new language' (<https://www.youtube.com/watch?v=RiVj1FqvGIQ>). Seo na cúiseanna:

- 1 Is deacair é.
- 2 B'fhéidir nach bhfuil greim faighte agat fós ar a teanga dheireanach a bhí tú a fhoghlaim.
- 3 Ní suim agat sa teanga nua i ndáiríre.
- 4 Cibé olc maith leath é, tabharfaidh Béarla aít ar bith thú beagnach.
- 5 Tá an ríomhaistriúchán ag dul i bhfeabhas.
- 6 Ní call duit teanga eile a fhoghlaim, mura bhfuil tú ag faire na faille chun í a úsáid.
- 7 Tá gnóthaí le déanamh agat atá níos tábhachtaí (cúrsaí teaghlaigh, mar shampla).

Is éard atá á rá ag mo duine, ar ndóigh, go gcaithfidh tú aidhm shoiléir a bheith romhat agus fíorshuim a bheith agat i dteanga. Murach sin, is am amú é.

Mhaígh duine díobh sin a thug barúil (agus é ina theangeolaí) nach maith le gach cultúr go bhfoghlaimedh strainséirí a dteanga. Tá cúiseanna difriúla leis seo, ach uaireanta is fearr le daoine eachtrannaigh a choinneáil scoite amach uathu. Tá na Seapánaigh sásta go maith má tá beagán Seapáinise ag cuairteoirí; ach is minic a thagann míshuaimhneas orthu má tá eachtrannach fíorlíofo. Is annamh a thitfeadh a leithéid amach san Iarthar, dar le mo dhuine – i meas lucht labhartha Spáinnise, mar shampla.

Tá comhairle ag Fingtam don té atá leagtha amach ar theanga a fhoghlaim:

- ♦ Ná déan an iomarca staidéir ar ghramadach. Bain úsáid as an teanga (ag caint le daoine eile, ag baint feidhm as cluichí agus mar sin de).
- ♦ Ná bíodh inní ort faoi dhearmaid (dá mhéad dearmad a dhéanann tú is ea is fearr – bíonn tú ag foghlaim i gcónaí!).
- ♦ Cruinnigh eolas trí léamh agus trí éisteacht.

Comhairle í seo a d'oirfeadh d'fhoghlaimoirí Gaeilge, cé nach mór a bheith cúramach. Bhí píosa ar *Tuairisc* tamall ó shin faoi Duolingo:

Tá an Ghaeilge i measc na dteangacha eile ar an aip foghlama teanga Duolingo atá á gcur i láthair ag AI seachas ag cainteoirí dúchais, mar a bhíodh cheana. Cainteoir dúchais aitheanta as Conamara a chloiseadh foghlaimoirí Gaeilge Duolingo roimhe seo agus tá a míshástacht curtha in iúl ag roinnt daoine faoi na glórtha Gaeilge nua AI atá le cloisteáil ar an aip.<sup>1</sup>

Ós ar an téad seo atáimid, seo dhá phointe a luadh cheana ar *An Lúibín* agus a d'fhéadfadh a bheith conspóideach:

<sup>1</sup> <https://tuairisc.ie/cainteoir-duchais-gaeilge-cloiste-den-uair-dheireanach-ar-an-aip-foghlama-teanga/>

1 *Ní gá go mbeadh Gaeilge ag gach Éireannach chun an teanga a choinneáil beo.* Is iad na scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthraíonn ár ndóthain cainteoirí chun an dé a choinneáil sa teanga. Ba cheart, ar ndóigh, múineadh na teanga sna bunscoileanna lán-Bhéarla a fheabhsú ó bhonn. Baothdhóchas, is dócha.

2 *Tá bás na Gaeltachta dosheachanta ach ní chuirfidh sin deireadh le húsáid fhóna na teanga.* Cheana féin tá mais chriticiúil (lín inmharthana) bainte amach ag Gaeilgeoirí, idir chainteoirí laethúla agus chainteoirí seachtainiúla. Fáisceadh an Ghaeltacht féin mar smaoineamh agus mar limistéar as idé-eolaíocht chultúrtha na hAthbheochana: is mithid na seansmaointe a chartadh. Baothdhóchas eile, is dócha.



### Úlla Mo Chuda

*Mo Chuda (or Cárthach) is prominent among early Irish saints. Among the miracles ascribed to him are two involving that most Irish of fruits, the apple.*

B'fhada cáil ar Mo Chuda (Mochuda) mac Fíonaill (*Mo Chutu mac Fínaill*) (d'éag 639). Uaireanta tugtar Cárthach Óg air. Rinneadh ab mhainistir Raithin de i gCúige Mumhan, agus nuair a caitheadh amach é (de thoradh na conspóide faoi dháta na Cásca, is dócha) d'imigh sé ó dheas chun na nDéise, áit ar bhunaigh sé mainistir mhór i Lios Mór i gContae Phort Láirge.

Deir scéal a bheatha gur baisteadh é mar Chárthach agus tugadh ansin chun an tsean-easpaig Cárthach chun go n-oilfí é; agus dúirt an t-easpag leis, 'Mo chuid thú'. Is ceart, mar sin, Mo Chuda nó Cárthach a thabhairt air.

Tá scéal Mo Chuda le fáil in *Bethada Náemh nÉrenn (Beathaí Naomh Éireann)*, téacsanna Meán-Ghaeilge a cruinníodh as lámhscríbhinní éagsúla. Seo dhá mhíorúilt a rinne sé agus baint acu le hÚlla. An téacs tiontaithe go Nua-Ghaeilge. (Féach <https://celt.ucc.ie/published/G201000/index.html>.)

Uair amháin, nuair a bhí Mo Chuda ag urnaí ina aonar, chonaic sé fear ar a bhéal amach darb ainm Maghus, agus a dúirt leis go hamhrasach: 'Tabhair,' ar seisean, 'duille ar an abhail seo atá i d'fharradh'. Rinne Mo Chuda comhartha na croiche thar an abhail go raibh sí faoi dhuille go huile. 'B'áillede é bláth a bheith uirthi,' ar Maghus. Rinne Mo Chuda an bláth mar a dúradh leis. 'B'fhearr go mbeadh úlla uirthi,' ar Maghus. Rinne Mo Chuda sin go raibh sí lántorthach d'úlla. 'B'fhearr go mbeidís aibí,' ar Maghus, 'chun go n-íosfaimis iad'. Fíoradh sin i dtreo go raibh siad ina n-aon fhras abai ar lár i mbéal na habhla amach. Thóg Maghus úll chun é a ithe, mar ba bhreá leis iad ar a mhéid agus ar a n-áilleacht, ach níor fhéad sé é a ithe ar a sheirbhe. 'B'fhearr gan iad a thabhairt,' ar seisean, 'agus an searbhias atá leo.' Bheannaigh Mo Chuda ansin iad go raibh blas meala orthu. D'imigh Maghus ansin agus é dallta ag briathar Mo Chuda go ceann bliana ar an amhras a nocht sé. Chuaigh sé faoi bhreith Mo Chuda i bhfoirceann na bliana agus slánaíodh a dhaille tar éis dó umhlacht agus aithrí a dhéanamh, agus bhí sé ina mhanach fad is a bhí sé ina bheatha. Móradh ainm Dé agus Mo Chuda dá bharr.



Lá dár ghabh Mo Chuda thar áth ar Abhainn Mhór thóg sé úll a fuair sé ar an uisce. Agus bhí iníon chearr mharbhlámhach ag Rí Fhear Maí agus a lámh dheas táite dá taobh. Agus rug Mo Chuda an t-úll leis go dtí an áit a raibh an iníon. 'Seo úll,' ar seisean. Shín an iníon an lámh chlé mar a chleacht sí. 'Sín an lámh eile,' ar Mo Chuda. 'Ní thig liom,' ar an iníon. 'Féach lena dhéanamh,' ar Mo Chuda. Shín, agus scaoil an cuibhreach a bhí idir an lámh agus an taobh, agus d'fhás fuil agus feoil na láimhe agus an taoibh go raibh sí slán ar fad. Ghabh lúcháir agus gairdeachas an rí agus dúirt sé: 'Níl céile is áil leat nach bhfaighidh tú feasta'. 'An cléireach úd a leigheas mé is áil liom,' ar sise. Chuaigh an iníon le Mo Chuda, agus bhunaigh sé eaglais di i gCluain Dalláin, agus bhí sí ina hóg naofa ó shin amach.



### **An Fhraincis in Louisiana**

*French was widely spoken in the American state of Louisiana (once a French colony) down to the early twentieth century. Then it was suppressed. But times have changed: now it is taught in bilingual schools.*

Tugtar Fraincis Louisiana (nó Cajun) ar roinnt leaganacha den Fhraincis a d'éascair ó na canúintí a tháinig isteach le coilínigh ón bhFrainc, le Ceanadaigh, criólaigh ó Háití agus eile, agus a bhí á labhairt ina dhiaidh sin ag grúpaí Bundúchasacha, daoine de phór Afracach, agus daoine ón Spáinn, ó Shasana agus ón nGearmáin. Meascán ceart, mar sin. Tá cineálacha difriúla Fraincise á labhairt fós ag Bundúchasaigh Bayou, Criólaigh, agus Cajun, agus is minic a aistríonn daoine ó Chriól go Cajun de réir an scéil. Ina theannta sin, tá Criól Louisiana á labhairt ag daoine nach Criólaigh iad. Ní chloiseann an ghlúin óg an oiread sin Fraincis ina dtimpeall anois agus ní thig lena bhformhór an teanga a labhairt. Fiú na ndaoine óga a bhfuil Fraincis acu níl ag a bhformhór ach an chuid is tanaí di. Ach anois tá súil le borradh.



Marais de l'Île-de-Miel (Eanach Oileán na Meala)

*Wikimedia Commons*

Bhunaigh an Fhrainc coilíneacht Louisiana in 1699 agus í ag síneadh ó bhéal an Mississippi go teorainn 'An Fhrainc Nua' (Ceanada). Níor mhaith an tosach é. Galracha, tuilte, anfaí, aighneas idir na Francaigh, Sasanaigh agus Bundúchasaigh. Fuair an Spáinn seilbh ar an limistéar in 1763 agus, de cheal inimircigh eile, thug siad isteach cainteoirí Fraincise ó Québec, an Eilbhéis, an Bheilg, Muir Chairb, an Afraic agus an Fhrainc, cuid acu ina sclábhaithe nó ina searbhóntaí dintiúir.

In 1800 fuair Napoléon seilbh uirthi arís agus í i bhfad níos leithne fós ná an Louisiana atá anois ann, ach bhí sé ag smaoineamh ar í a dhíol toisc gur dhócha go mbeadh cogadh ann leis an mBreatain agus toisc gur theip ar an bhFrainc éirí amach a chur faoi chois in Háití. Bhí fonn ar an Uachtarán Thomas Jefferson an limistéar a cheannach, agus rinne Comhdháil na Stát Aontaithe an margadh a dhaingniú.

Bhí Louisiana mar atá sí anois ar an iargúil, mórán, anuas go dtí an fichiú haois agus an Fhraincis láidir go leor ann dá bharr. Ansin thosaigh an saol amuigh ag brú isteach. Tógadh iarnróid agus baineadh tairbhe as peitriam agus as gás nádúrtha. Idir na 1929idí agus na 1960idí toirmiscíodh ar Fhraincis a úsáid mar theanga mhúinteoireachta agus díbríodh idir Fhraincis agus Chriól as an saol poiblí. Ach tháinig na húdaráis ar athchomhairle in 1968: sa bhliain sin bunaíodh an 'Council for the Development of French'. Faoin sin, áfach, bhí a misneach caillte ag an gcuid ba mhó de na cainteoirí, agus is beag den ghlúin óg a raibh Fraincis nó Criól acu. Mar sin féin, thug an dearcadh nua deis do ghníomhaithe stádas agus úsáid na teanga a neartú agus thosaigh an scéal ag dul i bhfeabhas.

D'fhág sin a rian ar chúrsaí oideachais. Faoi láthair tá a lán scoileanna Fraincis-Béarla in Louisiana agus i mbliana thug an stát os cionn seasca múinteoir isteach ón iasacht a bhfuil Fraincis ar a dtail acu agus atá ag múineadh sa chóras poiblí. Tá an International School of Louisiana ann le breis is fiche bliain: tosaíonn leanaí agus gan Fraincis ar bith acu, agus is minic iad líofa go leor faoin ghrád a hocht. Is léir, áfach, gur Fraincis chaighdeánach atá á múineadh sna scoileanna seachas na canúintí áitiúla, agus ceist shuimiúil é an toradh a bheidh air sin. Imeacht na héagsúlachta, b'fhéidir, agus meath an dúchais.

Féach:

- 'Louisiana Says 'Oui' to French, Amid Explosion in Dual-Language Schools,' Richard Fausset, *The New York Times*, 21/8/2019: <https://www.nytimes.com/2019/08/21/us/louisiana-french-dual-language.html>
- <https://folklife.si.edu/magazine/crisis-next-generation-creole-french>



### **Fíorléirmheastóireacht**

*Irish does not lack writers. What it lacks is trained reviewers.*

Is gearr ó thugamar an fógra a leanas faoi deara, fógra faoi chúrsa in Áras Scríbhneoirí na hÉireann:

Cúrsa é seo atá dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu léirmheasanna a dhéanamh ar leabhair Ghaeilge don phobal léitheoireachta coitianta. Iarracht bhunúsach atá ann ar thuiscintí na léirmheastóireachta a nochtadh is a shoiléiriú. Féachfar ar an éileamh atá ar léirmheasanna do leabhair Ghaeilge chomh maith leis na cineálacha éagsúla lucht léite atá ann. Déanfar iniúchadh ar na riachtanais a bhaineann le léirmheas a dhéanamh do léitheoirí a bhfuil scoth na Gaeilge acu ar an leith amháin, agus doibh siúd nach bhfuil ach teagmháil idir eatarthu leis an nGaeilge acu ar an leith eile. Scrúdófar genraíocha éagsúla na litríochta agus conas is cóir iad sin a chur i láthair na bpobal éagsúla léitheoireachta arb iad pobal na Gaeilge iad. (Ag tosú: 26 Meán Fómhair 2023, 6.30-8.30i.n. ar feadh 4 sheachtain. Gach eolas: <https://irishwriterscentre.ie/>.)

Ansin thugamar súil ar an méid seo ó lámh Dharach Uí Scolaí ar *Comhar* ('Salamandar mór de leabhar..,' Mí Lúnasa, 2023):

Sna hirisí a bhfuil scríbhneoirí, foilsitheoirí agus scoláirí ag brath orthu mar ardáin ficin is léirmheasa, le blianta anuas, tá titim ar chaighdeán na léirmheasanna. A bhfurmhór, anois, ní bhíonn iontu ach achoimre ar an leabhar.

Deir sé gur tháinig glúin léirmheastóirí nár fhoghlaim le saothar a mheas agus nach dtuigeann nach leor a thabhairt le fios go bhfuil saothar go maith ach gur gá a thaispeáint cén fáth a bhfuil sé go maith. Mura bhfuil ann ach achoimre ar phlota, nó tagairtí do leabhar i dtaca le hinscne nó imirce nó indibhidiúlachta, ní bheidh sé ar chumas an mhic léinn saothar ficin a mheas. Ní foláir staidéar a dhéanamh ar shaothair ar bhonn aestéitice, réim is rithim na scríbhneoireachta a phlé agus na rudaí is dlúth is inneach d'éalaín na litríochta a scrúdú.

Tá bunús le gearán Uí Scolaí, cé nach ionann sin is rá nach bhfuil léirmheastóirí maithe ann. Agus sin gan trácht ar a dheacra atá sé léirmheastóirí a fháil ar chor ar bith do leabhair Ghaeilge. Seo fadhbanna atá ag dó na geirbe ag Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge le tamall anuas, agus cuimhnimis go bhfuil os cionn 600 scríbhneoir Gaeilge liostáilte acu, rud a fhágann nach bhfuil ábhar léirmheastóireachta in easnamh orainn.



### **An Úcráin**

Ukraine's female soldiers: Nobody will tell you, 'You are a chick, so you are not going to fight and save me'  
<https://www.irishtimes.com/world/europe/2023/09/02/ukraines-female-soldiers-nobody-will-tell-you-you-are-a-chick-so-you-are-not-going-to-fight-and-save-me/>

### **An Timpeallacht**

Sierra Madre: Fighting to save what's left of a vital rainforest  
<https://www.bbc.com/news/world-asia-64123652>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

Dhá dhán le Julie Breathnach-Banwait. Dhá chnuasach léi i gcló: *Dánta Póca* (Coiscéim 2020) agus *Ar Thóir Gach Ní* (Coiscéim 2022).

Ar thóir an chéad íobartaigh eile

---

blaosc fear maol  
i bhfoscadh  
i bpáipéar nuachta  
i gcaifé  
a bhaitis lom daite  
is pollta le dó  
fuaite i gcruth croise  
ag méar máinlia  
ailt na gréine - an t-olc  
-mar Ainchríost  
ag greadadh  
ar phána  
á mhealladh amach  
i mbealach  
a mheilte

Greim

---

Dá bhfágfainn lorg  
do shaol ar pháipéar  
gach foscéal is faisnéis  
scríofa fút le focal fánach  
gach gáire a phléasc asat  
diosctha dealaithe

scéal na ndeora  
a chuimil tú ód' leiceann  
-i nguais ghoilliúnach-  
le cúl do mhuinchille scaipthe

gach amhrán bog a sciorr uait  
i gciúnas réiteach tae  
cruaite i gcaibidil chasta  
cumhdaithe i véarsa

siolaithe i stéibh  
réabtha i rainn

bheifeá liom go deo

**Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).**

### **Srúill**

Srúill dhorcha  
breac le solas guagach  
ag teacht anuas  
thar dhubh na carraige  
ag sclogaíl le guth  
na broinne  
ag insint rúin  
a théann ó thuiscint

### **Fraoch**

Ghlan an bhean feasa  
an seomra  
ag cóiriú bláthanna an fhraoigh  
i vása  
gur chruinnigh siad chucu  
a raibh le teacht  
ar dhomchla an domhain  
ar dhromchla an domhain  
diomailt is díomua  
meathlú dá ndearnadh:  
iad ag borradh le mórtas  
na maidine  
ag tál uisce an éaga